

Gluais | **Media Literacy Ireland**

**MEDIA
LITERACY
IRELAND**

Gluais

D'eascair an ghluais seo as plé a rinneadh le linn cruinnithe den ghrúpa oibre Gaeilge den LMÉ. Ar nós aon choiste Éireannaigh thosaíomar le díospóireacht. Níor phléamar gach a bhí le baint amach againn chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn nó conas a chinnteoimis go mbeadh an Ghaeilge mar chuid lárnach den díoscúrsa sin, ach is amhlaidh a thosaíomar ag plé cén t-ainm nó leagan Gaeilge de Media Literacy Ireland ba chirte a cheapadh, agus cad a ghlaofaimis orainn féin?

Léirigh an plé na deacrachtaí agus na dúshláin a bhaineann le coincheapa casta agus téarmaí crochta acadúla a aistriú ó theanga amháin go teanga eile, agus níos tábhachtaí fós conas an téarma nua agus a bhrí a shealbhú i dteanga eile.

Pé scéal é, chuaigh mé féin agus Sara Mc Namara i mbun oibre le hiarracht liosta focal, téarmaí agus nathanna a bhaineann go sonrach le litearthacht sna meáin a chur le chéile.

Thugamar faoin obair trí chíoradh a dhéanamh ar dhoiciméid de chuid Údarás um Chraolachán na hÉireann - 'Beartas Um Litearthacht sna Meáin', mar aon le téarmaí a lorg ó na suíomhanna idirlíon seo a leanas - Leabharlann Teanga agus Foclóireachta (teanglann.ie), téarma.ie | An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge · The National Terminology Database for Irish (tearma.ie), New English-Irish Dictionary from Foras na Gaeilge (focloir.ie), Gaois research group | Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, infoDisorder_glossary.pdf (firstdraftnews.org) agus ó fhocail agus nathanna a seoladh chugainn ó bhaill don LMÉ.

Nuair a bhí an liosta curtha le chéile againn ba léir go raibh focal agus téarmaí i mBéarla nach raibh leagan Gaeilge oifigiúil orthu fós agus ar ndóigh bhí an mhórchéist fós le freagairt cad a ghlaoimis orainn féin go hoifigiúil.

Glossary

This glossary came about from discussions that took place during meetings of MLI's Irish language working group. Like any Irish committee we started with a debate. We did not discuss all that needed to be achieved with media literacy or how we could ensure that the Irish language would be an integral part of that discourse, but with what would we call ourselves? Which Irish language version of Media Literacy Ireland was correct and acceptable to us.

These discussions highlight the difficulties and challenges of translating complex concepts and academic terms from one language to another, but more importantly how ensure a new term and its meaning is acquired and used.

Either way Sara Mc Namara and I set to work trying to compile a list of words, terms and expressions specifically related to media literacy.

We undertook the work by examining the Broadcasting Authority of Ireland's 'Media Literacy Policy' document, by looking for terms from the following websites - Leabharlann Teanga agus Foclóireachta (teanglann.ie), téarma.ie | An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge · The National Terminology Database for Irish (tearma.ie), New English-Irish Dictionary from Foras na Gaeilge (focloir.ie), Gaois research group | Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, infoDisorder_glossary.pdf (firstdraftnews.org) and from words and expressions sent to us by MLI members.

When we had compiled the list, it was clear that there were words and terms in English that did not yet have an official Irish language version and of course the big question was still to be answered what we would call ourselves officially.

Chun na ceisteanna sin a fhreagairt chuaigh an Grúpa oibre i dteagmháil leis An gCoiste Téarmaíochta. Daoibhse nach dtuigeann cé hiad – is é an aidhm atá ag an gCoiste Téarmaíochta téarmaíocht údarásach chaighdeánach Ghaeilge a fhorbairt, a fhaomhadh agus a chur ar fáil chun tacú leis an nGaeilge mar mheán cumarsáide i sochaí nua-aoiseach. Tá breis eolais agus sonraí teagmhála le fáil ag <https://www.tearma.ie/eolas/coiste.ga>. Cuireadh an Ghluais agus moltaí ar théarmaíocht nua go dtí an Coiste Téarmaíochta.

Tháinig siadsan ar ais le roinnt moltaí agus beidh a thuilleadh fós ag teacht uathu.

Is í an Ghluais seo toradh na hoibre sin. Tá sí leagtha amach ina dhá chuid: i) focal agus téarmaí agus ,ii) samplaí d'úsáid na dtéarmaí i bhfoirm abairtí a fuarthas sna foinsí atá luaite thuas.

Is cáipéis oibre í seo, cáipéis a bheadh ag athrú agus ag méadú de réir mar is gá.

Buíochas le gach duine agus eagraíocht a chuidigh leis an ghluais seo a chur i gcríoch, agus má tá aon bhotúin ann is ormsa amháin atá an locht.

Mar fhocal scoir is í Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) an téarma oifigiúil Gaeilge atá anois ar Media Literacy Ireland (MLI).

Máire Aoibhinn Ní Ógáin – Cathaoirleach an Choiste Oibre Gaeilge de chuid Litearthacht sna Meáin, Éire.

To answer these questions the working Group contacted An Coiste Téarmaíochta (The Terminology Committee). For those of you who do not know who they are - the aim of An Coiste Téarmaíochta is to develop, approve and provide standard authoritative Irish terminology to support the Irish language as a means of communication in a modern society. More information and contact details can be found at <https://www.tearma.ie/eolas/coiste.ga>. The glossary and suggestions on new terminology were sent to An Coiste Téarmaíochta.

They came back with some recommendations and there will be more to follow.

The result of the work is this Glossary. It is set out in two parts i) words and terms and ii) examples of the use of the terms in the form of sentences found in the sources mentioned above.

It is a working document, which will change and expand as needed.

A big thank to everyone who helped, any mistakes are mine alone.

By the way Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) is now the official Irish language term for Media Literacy Ireland (MLI)

Máire Aoibhinn Ní Ógáin – Chair of the Irish language Working Group of Media Literacy Ireland

Focail agus Téarmaí

Ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach	Potentially harmful content
Ábhar Idirhealaitheach	Discriminatory content
Ábhar Iontaofa	Trustworthy content
Ábhar maslach	Abusive Content
Ábhar Mí-Oiriúnach	Inappropriate Content
Ábhar nó Comhthéacs Míchuí	Inappropriate Content or Context
Acmhainn Teagaisc	Teaching Resource
Aimpliú Saorga	Manufactured Amplification
Aimsiú Fíricí / Bailiú Eolais	Fact Finding
Alt Nuachta	News Article
Amas bréige	False Hit
Amharclitearthacht	Visual literacy
Anailís a dhéanamh ar	Analyse
Aoir	Satire
Beartas um Litearthacht sna Meáin	Media Literacy Policy
Bíodh Tuiscint agat ar na Meáin	Be Media Smart
Blag bréige	Fake blog / flog
Bolscaireacht	Propaganda
Bolscaireacht Bhréagach/ Bolscaireacht Éithigh	Mendacious Propaganda
Bota	Bot
Botaí	Bots
Botaí ar Líne	Online Bot
Bréagach / Éithigh	Mendacious
Bréagaisnéis	Disinformation
Bréagchuntas	Fake Account
Bréagnuacht /Bréagnuachta	Fake News

Focail agus Téarmaí

Camchóipeáil	Scraping
Camchóipeáil Scáileáin	Screen Scraping
Claonadh /Claontacht	Bias
Claonadh i dtreo an dearbhaithe	Confirmation Bias
Cnuaschóipeáil ón nGréasán	Web-scraping / web-harvesting
Cód Cleachtais Eorpach maidir le Bréagaisnéis	European Code of Practice on Disinformation
Comhthéacs	Context
Criptiú / Criptiúchán	Encryption
Criptiú ó cheann ceann	End to end encryption
Cuairt Bhailithe Eolais / Cuairt Faisnéise	Fact Finding Trip
Cúinsí Rialála	Regulatory Environments
Cumarsáid Ilimhódach	Multimodal communication
Cuntas Díomhaoin	Dormant Account
Cuntas Puipéid	Sock Puppet
Deiseanna	Opportunities
Docsáil	Doxing
Domhainbhrionnú	Deep Fakes
Eagarfhocal	Editorial
Éagsúlacht Ábhair/Tuairimí	Diversity of Content/Views
Easpa Fianaise	Lack of Evidence
Easpa Iolracha	Lack of Pluralism
Faisnéis Mhailíseach	Malinformation
Feasacht	Literacy (Awareness)
Feasacht / Eolas / Tuiscint	Awareness
Feasacht carbóin	Carbon literacy / Low-Carbon Literacy
Féinrialaithe	Self-regulating
Fíoras agus Tuairim	Fact and Opinion

Focail agus Téarmaí

Fíoras-Seiceáil /Seiceáil Fíricí	Fact- Checking
Fíorú	Verification
Fíric / Fíoras	Fact
Físeán	Video
Físeán Domhainbhrionnúcháin	Deep Fake Video
Fístaifead Domhainbhrionnúcháin	Deep Fake Video Recording
Fógraí Dorcha	Dark Ads
Fógraíocht	Advertising
Fógraíocht atá Bunaithe ar Shaincheisteanna	Issue-based Advertising
Fógraíocht Pholaitiúil	Political advertising
Foláireamh bréige	Hoax
Fuathchaint	Hate Speech
Greannáin	Comics
Grinnscrúdú a dhéanamh ar shuíomh fógraí	Scrutiny of Ad Placements
Inniúlacht	Literacy (Proficiency)
Inniúlacht ar na Meáin	Media Literacy (Proficiency)
Inniúlacht ar na Meáin Dhigiteacha	Digital Media Literacy
Inniúlacht dhigiteach	Digital competence
Inniúlacht fhisiciúil	Physical Literacy
Inniúlachtaí	Competencies
Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iris- eoireacht sa Todhchaí (FuJo)	Institute for Future Media and Journalism (FuJo)
Intleacht Shaorga (IS)	Artificial Intelligence (AI)
Iompar Maslach	Abusive Behaviour
Ionracas / Fírinneacht	Truthfulness
Iontaofacht	Reliability
Leantóirí Bréige	Fake Followers
Léiriú Éagórach	Unfair Portrayal

Focail agus Téarmaí

Líonra de Ríomhairí Zombaí	Zombie Army
Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin	Irish Media Literacy Network
Líonra Príobháideach Fíorúil	VPN
Litearthacht	Literacy (Reading Ability)
Litearthacht ar Intleacht Shaorga	Literacy in artificial intelligence / AI Literacy
Litearthacht ar na Meáin agus ar Fhaisnéis	Media and Information Literacy
Litearthacht ar ríomhairí	Computer literacy
Litearthacht ar Shonraí	Data literacy
Litearthacht Dhigiteach/Cibearoilteacht	Digital literacy/Cyber Proficiency
Litearthacht Faisnéise	Information Literacy
Litearthacht sna Meáin	Media Literacy
Litearthacht sna Meáin, Éire	Media Literacy Ireland
Litearthacht Uimhriúil	Numerical Literacy
LMÉ	MLI
Logartaim	Algorithms
Measúnú a dhéanamh	Assess
Méim	Meme
Mianadóireacht Sonraí	Data Mining
Micridhíriú	Microtargeting
Mífhaisnéis	Misinformation
Míthreorach	Misleading
Na Meáin Nuachta/Iriseoireacht	News Media/Journalism
Na Meáin Shóisialta	Social Media
Na Tomhaltóirí a Chumasú	Empowering Consumers
Neamhréireanna	Inconsistencies
Oideachas ar na Meáin	Media Education
Oideachas ar Thuiscint ar na Meáin	Media Literacy Education

Focail agus Téarmaí

Optamú Bradach Innill Cuardaigh	Black hat SEO
Optamú Innill Cuardaigh	Search Engine Optimization
Páirtí Leasmhar	Stakeholder
Plá faisnéise	Information Epidemic
Plean Ceachta	Lesson Plan
Podchraoladh	Podcast
Príobháideacht Sonraí	Data Privacy
Ríomhdhaonlathas	eDemocracy / Digital Democracy
Riosca / Baol	Risk
Róbat Líonraithe Shóisialta	Social Networking Bots
Róbatlín / Líonra de Ríomhairí Zombaí	Botnet / Zombie Army
Rochtain	Access
Rochtain a shrianadh	Restricting Access
Rogha fheasach, Rogha Bunaithe ar Eolas	Informed Choice
Sábháilteacht ar Líne	Online Safety
Saoránach	Citizen
Scileanna Tuisceana Airgeadais	Financial Literacy Skills
Séamataic	Semiotics
Séanadh	Disclaimer
Sláine na Seirbhísí	Integrity of Services
Smaointeoireacht Chriticiúil	Critical Thinking
Sonraí faoi Ainm Bréige	Pseudonymous Data
Spreagadh /Inspreagadh	Motivation
Steiréitíopáil	Stereotyping
Steiréitíopáil Dhiúltach	Negative stereotyping
Suíomh Gréasáin	Website
Tacair Sonraí	Data Sets

Focail agus Téarmaí

Táscairí ratha	Success indicators
Táscairí scileanna	Skill indicators
Teicneolaíocht Dhigiteach	Digital Technology
Teicneolaíocht Domhainbhrionnúcháin	Deep Fake Technology
Teoiric Ionaclaithe	Inoculation Theory
Teoiricí Comhcheilge	Conspiracy Theories
Tionchar Comhchoitinn	Collective impact
Tomhaltóir	Consumer
Tomhas	Measurement
Tomhas, Tuairisciú agus Fíorú	Measurement, reporting and verification
Trédhearcacht	Transparency
Trolláil	Trolling
Trollfheirm	Troll Farm
Tuairim	Opinion
Tuairisciú	Reporting
Tuarascáil	Report
Tuiscint	Literacy (Understanding)
Tuiscint Airgeadais	Financial Literacy
Tuiscint ar an Nuacht	News Literacy
Tuiscint ar na haigéin	Ocean literacy
Tuiscint ar na meáin	Media Literacy (Understanding)
Tuiscint Chriticiúil ar na Meáin	Critical Media Literacy
Tuismitheoireacht Dhigiteach	Digital Parenting
Uathobriú	Automation
Uimhearthacht	Numeracy
Úsáid ainm bhréige	Pseudonymity
Úsáid na Meáin	Media Consumption

Words and Terms

Abusive Behaviour	Iompar Maslach
Abusive Content	Ábhar Maslach
Access	Rochtain
Advertising	Fógraíocht
Algorithms	Logartaim
Analyse	Anailís a dhéanamh ar
Artificial Intelligence (AI)	Intleacht Shaorga (IS)
Assess	Measúnú a dhéanamh
Automation	Uathobriú
Awareness	Feasacht / Eolas / Tuiscint
Be Media Smart	Bíodh Tuiscint agat ar na Meáin
Bias	Claonadh / Claontacht
Black hat SEO	Optamú Bradach Innill Cuardaigh
Bot	Bota
Botnet / Zombie Army	Róbatlíon / Líonra de Ríomhairí Zombaí
Bots	Botaí
Carbon literacy / Low-Carbon Literacy	Feasacht carbóin
Citizen	Saoránach
Collective impact	Tionchar Comhchoitinn
Comics	Greannáin
Competencies	Inniúlachtaí
Computer literacy	Litearthacht ar ríomhairí
Confirmation Bias	Claonadh i dtreo an dearbhaithe
Conspiracy Theories	Teoiricí Comhcheilge
Consumer	Tomhaltóir
Context	Comhthéacs
Critical Media Literacy	Tuiscint Chriticiúil ar na Meáin

Words and Terms

Critical Thinking	Smaointeoireacht Chriticiúil
Dark Ads	Fógraí Dorcha
Data literacy	Litearthacht ar Shonraí
Data Mining	Mianadóireacht Sonraí
Data Privacy	Príobháideacht Sonraí
Data Sets	Tacair Sonraí
Deep Fake Technology	Teicneolaíocht Domhainbhrionnúcháin
Deep Fake Video	Físeán Domhainbhrionnúcháin
Deep Fake Video Recording	Fístaifead Domhainbhrionnúcháin
Deep Fakes	Domhainbhrionnú
Digital competence	Inniúlacht dhigiteach
Digital literacy/Cyber Proficiency	Litearthacht Dhigiteach/Cibearoilteacht
Digital Media Literacy	Inniúlacht ar na Meáin Dhigiteacha
Digital Parenting	Tuismitheoireacht Dhigiteach
Digital Technology	Teicneolaíocht Dhigiteach
Disclaimer	Séanadh
Discriminatory content	Ábhar Idirdehalaitheach
Disinformation	Bréagaisnéis
Diversity of Content/Views	Éagsúlacht Ábhair/Tuairimí
Dormant Account	Cuntas Díomhaoin
Doxing	Docsáil
eDemocracy / Digital Democracy	Ríomhdhaonlathas
Editorial	Eagarfhocal
Empowering Consumers	Na Tomhaltóirí a Chumasú
Encryption	Criptiú / Criptiúchán
End to end encryption	Criptiú ó cheann ceann
European Code of Practice on Disinformation	Cód Cleachtais Eorpach maidir le Bréagaisnéis

Words and Terms

Fact	Fíric / Fíoras
Fact and Opinion	Fíoras agus Tuairim
Fact- Checking	Fíoras- Seiceáil / Seiceáil Fíricí
Fact Finding	Aimsiú Fíricí / Bailiú Eolais
Fact Finding Trip	Cuairt Bhailithe Eolais / Cuairt Faisnéise
Fake Account	Bréagchuntas
Fake blog / flog	Blag bréige
Fake Followers	Leantóirí Bréige
Fake News	Bréagnuacht / Bréagnuachta
False Hit	Amas bréige
Financial Literacy Skills	Scileanna Tuisceana Airgeadais
Financial Literacy	Tuiscint Airgeadais
Hate Speech	Fuathchaint
Hoax	Foláireamh bréige
Inappropriate Content	Ábhar Mí-Oiriúnach
Inappropriate Content or Context	Ábhar nó Comhthéacs Míchuí
Inconsistencies	Neamhréireanna
Information Epidemic	Plá faisnéise
Information Literacy	Litearthacht Faisnéise
Informed Choice	Rogha fheasach, Rogha Bunaithe ar Eolas
Inoculation Theory	Teoiric Ionaclaithe
Institute for Future Media and Journalism (FuJo)	Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo)
Integrity of Services	Sláine na Seirbhísí
Irish Media Literacy Network	Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin
Issue-based Advertising	Fógraíocht atá Bunaithe ar Shaincheistean
Lack of Evidence	Easpa Fianaise
Lack of Pluralism	Easpa Iolracha

Words and Terms

Lesson Plan	Plean Ceachta
Literacy (Awareness)	Feasacht
Literacy (Proficiency)	Inniúlacht
Literacy (Reading Ability)	Litearthacht
Literacy (Understanding)	Tuiscint
Literacy in artificial intelligence / AI Literacy	Litearthacht ar Intleacht Shaorga
Malinformation	Faisnéis Mhailíseach
Manufactured Amplification	Aimpliú Saorga
Measurement	Tomhas
Measurement, reporting and verification	Tomhas, Tuairisciú agus Fíorú
Media and Information Literacy	Litearthacht ar na Meáin agus ar Fhaisnéis
Media Consumption	Úsáid na Meáin
Media Education	Oideachas ar na Meáin
Media Literacy	Litearthacht sna Meáin
Media Literacy (Proficiency)	Inniúlacht ar na Meáin
Media Literacy (Understanding)	Tuiscint ar na meáin
Media Literacy Education	Oideachas ar Thuiscint ar na Meáin
Media Literacy Ireland	Litearthacht sna Meáin, Éire
Media Literacy Policy	Beartas um Litearthacht sna Meáin
Meme	Méim
Mendacious	Bréagach / Éithigh
Mendacious Propaganda	Bolscaireacht Bhréagach/ Bolscaireacht Éithigh
Microtargeting	Micridhíriú
Misinformation	Mífhaisnéis
Misleading	Míthreorach
MLI	LMÉ
Motivation	Spreagadh /Inspreagadh

Words and Terms

Multimodal communication	Cumarsáid Ilmhódach
Negative stereotyping	Steiréitíopáil Dhiúltach
News Article	Alt Nuachta
News Literacy	Tuiscint ar an Nuacht
News Media/Journalism	Na Meáin Nuachta/Iriseoireacht
Numeracy	Uimhearthacht
Numerical Literacy	Litearthacht Uimhriúil
Ocean literacy	Tuiscint ar na haigéin
Online Bot	Botaí ar Líne
Online Safety	Sábháilteacht ar Líne
Opinion	Tuairim
Opportunities	Deiseanna
Physical Literacy	Inniúlacht fhisiciúil
Podcast	Podchraoladh
Political advertising	Fógraíocht Pholaitiúil
Potentially harmful content	Ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach
Propaganda	Bolscaireacht
Pseudonymity	Úsáid ainm bhréige
Pseudonymous Data	Sonraí faoi Ainm Bréige
Regulatory Environments	Cúinsí Rialála
Reliability	Iontaofacht
Report	Tuarascáil
Reporting	Tuairisciú
Restricting Access	Rochtain a shrianadh
Risk	Riosca / Baol
Satire	Aoir
Scraping	Camchóipeáil

Words and Terms

Screen Scraping	Camchóipeáil Scáileáin
Scrutiny of Ad Placements	Grinnscrúdú a dhéanamh ar shuíomh fógraí
Search Engine Optimization	Optamú Innill Cuardaigh
Self-regulating	Féinrialaithe
Semiotics	Séamataic
Skill indicators	Táscairí scileanna
Social Media	Na Meáin Shóisialta
Social Networking Bots	Róbat Líonraithe Shóisialta
Sock Puppet	Cuntas Puipéid
Stakeholder	Páirtí Leasmhar
Stereotyping	Steirítíopáil
Success indicators	Táscairí ratha
Teaching Resource	Acmhainn Teagaisc
Transparency	Trédhearcacht
Troll Farm	Trollfheirm
Trolling	Trolláil
Trustworthy content	Ábhar Iontaofa
Truthfulness	Ionracas / Fírinneacht
Unfair Portrayal	Léiriú Éagórach
Verification	Fíorú
Video	Físeán
Visual literacy	Amharclitearthacht
VPN	Líonra Príobháideach Fíorúil
Web-scraping / web-harvesting	Cnuaschóipeáil ón nGréasán
Website	Suíomh Gréasáin
Zombie Army	Líonra de Ríomhairí Zombaí

Abairtí

Dul i mbun deiseanna foghlama ar líne	Engage in online learning opportunities
A bheith ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag infreastruchtúr an idirlín ar roghanna meán, pátrúin iompraíochta agus éagsúlacht ábhair/tuairimí	Recognise how the infrastructure of the internet can influence media choices, patterns of behaviour and diversity of content/views
A bheith feasach ar na himpleachtaí dlí agus impleachtaí morálta a bhaineann le húsáid ábhair agus seirbhísí meán agus teicneolaíochta	Awareness of the legal and moral implications of the use of media content and services and technology
Ábhar a chruthú agus páirt a ghlacadh, trí na meáin a úsáid, i ngnéithe cruthaitheacha, cultúrtha agus daonlathacha den tsochaí ar bhealach freagrach, eiticíúil agus éifeachtach.	Create and participate, via media, in a responsible, ethical and effective manner, in the creative, cultural and democratic aspects of society.
Ábhar a chruthú don phobal (e.g. trí cheadúnais Creative Commons a úsáid)	Create content for public use (e.g. using creative commons licences)
Ábhar a fhoilsiú, a uaslódáil agus a roinnt ar líne	Publish, upload, share content online
Ábhar a thiomsú agus a léiriú	Compile and curate content
Ábhar agus seirbhísí a mheas ó thaobh na fírinneachta, ó thaobh iontaofachta de agus ó thaobh luacha ar airgead.	Evaluate content and services for truthfulness, reliability and value for money
Ábhar agus seirbhísí meán a lorg, a aimsiú, do bhealach a dhéanamh tríothu agus iad a úsáid ar bhealach éifeachtúil	Effectively search for, find, navigate, and use media content and services
Ábhar agus seirbhísí meán craolta, meán digiteach agus eile a thuiscint agus a mheas go criticiúil, ionas go ndéanfar roghanna eolasacha agus go mbainistear úsáid na meán sa tslí is fearr agus is féidir.	Understand and critically evaluate broadcast, digital and other media content and services, in order to make informed choices and best manage media use
Ábhar agus táirgí meán a chruthú trí théacs, íomhánna, fuaim, fíis agus cód a dhéanamh	Create media content and products by producing text, images, audio, video and code
Ábhar míchuí nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh; Steiréitíopáil dhiúltach; Léiriú éagórach; Claontacht, Easpa iolrachta; Ábhar idirdhealaitheach; Bolscaireacht; Fuathchaint.	Abusive behaviour/content; Inappropriate or potentially harmful content; Negative stereotyping; Unfair portrayal; Bias; Lack of pluralism; Discriminatory content; Propaganda; Hate speech.
an fhógraíocht pholaitiúil agus fógraíocht atá bunaithe ar shaincheisteanna	Political advertising and issue-based advertising
An leas ionchasach agus na rioscaí féideartha a bhaineann le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a aithint agus a thuiscint	Recognise and understand the potential benefit and possible risks linked with emerging technology

Abairtí

an lucht taighde a chumasú	empowering the research community
An méid athléimneachta a thaispeántar maidir le hiompraíocht agus gníomhaíochtaí diúltacha trí sheirbhísí na meán, seirbhísí ar líne san áireamh	Level of resilience to negative behaviour and activities via media services, including online
Ar nós steiréitíopála, claontachta, léiriú éagórach, ábhar nó comhthéacs míchuí, easpa fianaise etc.	Such as stereotyping, bias, unfair portrayal, inappropriate content or context, lack of evidence etc
Bheith ar an eolas faoi chearta agus dualgais dhigiteacha, agus meas a léiriú orthu freisin	Know and respect digital rights and responsibilities
Criptiú ó cheann go ceann - modh slándaingnithe cumarsáide lena ndéantar sonraí a chriptiú ag a dtúsphointe sa ghréasán agus iad a dhíchriptiú ansin ag a gceann scribe, sa chaoi nach féidir le daoine teacht ar na sonraí sin agus iad á dtraschur	End to End encryption is a secure method of communication in which data is encrypted at its initial point in the network and then decrypted once delivered, so that people cannot find that data when it is being transmitted
Cur síos a dhéanamh ar litearthacht sna meáin, agus í a chur chun cinn freisin, i measc saoránach, tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara, ar bhealach ábharach lánbhrí.	To describe and promote media literacy among citizens, consumers and stakeholders, in a manner that is relevant and meaningful.
Deiseanna a aimsiú agus a chruthú ar mhaithe le páirt a ghlacadh i ngnéithe sibhialta agus cultúrtha den tsochaí	Find and create opportunities to participate in the civic and cultural aspects of society
Doiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne	Documents Authentic and False in Network
Grúpa ardleibhéil saineolaithe i réimse na litearthachta / Grúpa ardleibhéil maidir le litearthacht	High level group of experts in the field of literacy / high level group on literacy
Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe um Bréagnuacht agus Bréagaisnéis ar líne	High Level Expert Group on Fake News and Online Disinformation
Idirbhearta a dhéanamh ar líne ar bhealach slán sábháilte	Transact online in a safe and secure manner
Idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí / cláir le haghaidh cumarsáide poiblí agus cumarsáide príobháidí, agus na cinn is éifeachtaí a roghnú	Differentiate between and select the most effective services / platforms for public and private communication
Inspreagadh an léiritheora ábhair agus an comhthéacs ina chuirtear an t-ábhar i láthair a anailísiú agus a mheas	Analyse and assess the motivations of the content producer and the context in which the content is presented
lompar/ábhar maslach;	Abusive behaviour/content;

Abairtí

Iompraíocht mí-oiriúnach a aithint agus a bhainistiú, chomh maith le dúshlán a chur fúithi, i ngach réimse de na meáin	Recognise, manage and appropriately challenge inappropriate behaviour across all media
Is as an saol acadúil a tháinig an téarma ‘litearthacht sna meáin’ an chéad lá riamh agus is minic a bhíonn tuiscint dhifriúil air ag páirtithe leasmhara difriúla in earnálacha difriúla, rud a chothaíonn doiléireacht uaireanta.	The term ‘media literacy’ has its origins in academia and is often understood differently by different stakeholders in different sectors, which can lead to a lack of clarity.
Líon na dteagmhas ina dtuairiscítear ábhar mí-oiriúnach nó ábhar a d’fhéadfadh a bheith díobhálach i réimse na gclár agus na seirbhísí meán	Number of incidences of reporting inappropriate or potentially harmful content across media platforms and services
Líon na dteagmhas, minicíocht agus tromchúis calaoise aitheantais	Number of incidences, frequency and seriousness of identity fraud
Líon na roghanna eolasacha a dhéantar maidir le húsáid na meáin	Level of informed choice in relation to media consumption
Mar a bhunaítear agus a fheidhmíonn gréasáin a thuiscint agus a bhainistiú	Understand and manage how networks are formed and function
Méid an chuimsithe shóisialta, trí chláir agus sheirbhísí meán	Level of social inclusion, via media platforms and services
Méid an dúshláin oiriúnaigh i gcoinne iompraíochta agus gníomhaíochtaí diúltacha, trí sheirbhísí na meán, seirbhísí ar líne san áireamh	Level of appropriate challenge to negative behaviour and activities, via media services, including online
Méid an fhéinléirithe agus rannpháirtíochta daonlathaí a thaispeántar i gcás líon áirithe saoránach	Levels of self-expression and democratic participation by number of citizens
Méid na feasachta agus minicíocht a dtuairiscithe ar na rudaí seo a leanas: stéiréitíopáil; claontacht; léiriú éagórach; tuairimíocht nach mbíonn bunaithe ar fhianaise; ábhar nó comhthéacs mí-oiriúnach i gcláir agus i seirbhísí na meáin	Levels of awareness and reporting of stereotyping, bias, unfair portrayal, non-evidence based speculation, inappropriate content and context across media platforms and services
Méid na feasachta ar an tslí a dhéantar gannionadaíocht ar thuairimí iomaíocha i gcás córas meán iata, ar nós na meán sóisialta	Level of awareness of how competing views may be under-represented in an enclosed media system, for example social media
Méid na feasachta ar shaghsanna difriúla ábhair	Level of awareness of different content types
Méid na feasachta ar theicnící agus ar ábhar fógraíochta sna meáin dhifriúla ar fad, ar líne san áireamh	Level of awareness of advertising techniques and content across different media, including online

Abairtí

Méid na rannpháirtíochta cruthaithí agus aschuir a léiríonn saoránaigh, i réimse na gclár agus na seirbhísí meán	Level of creative engagement and output by citizens, across media platforms and services
Méid na rannpháirtíochta i dtacaíocht idir piaráí	Level of participation in peer-to-peer support
Minicíocht agus raon na dteagmhas ina mbíonn baill den phobal ag lorg sásaimh ón údarás cuí	Frequency and range of incidences of members of the public seeking redress from the appropriate authority
Minicíocht, doimhneacht agus fairsinge na húsáide a bhaintear as ábhar agus seirbhísí meáin	Number of people accessing and using media content and services
Minicíocht, doimhneacht agus fairsinge na húsáide a bhaintear as ábhar agus seirbhísí meán	Frequency, depth and breadth of use of media content and services
Ó thaobh inniúlachtaí de, tá tábhacht ag baint le litearthacht faisnéise agus litearthacht sonraí, le cumarsáid agus le comhar, le cruthú ábhair dhigitigh, le sábháilteacht agus le réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí digiteacha i gcás an aosa óig agus i gcás na ndaoine sin a bhíonn ag obair le daoine óga'	In terms of competencies, information and data literacy, communication and collaboration, digital content creation, safety and problem solving in digital environments are important for young people and those who work with young people
Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun ábhar comhiomlán/ modhnaithe a bhainistiú	Range and effectiveness of techniques used to manage aggregated/moderated content
Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun na rioscaí féideartha a bhainistiú a mbaineann le hábhar agus seirbhísí meán, saincheisteanna cosanta leanaí san áireamh	Range and effectiveness of techniques used to manage the potential risks associated with media content and services, including child protection issues
Raon agus minicíocht na bainistíochta aonair i gcás na fógraíochta	Range and frequency of individual management of exposure to advertising
Réimse na bhfoinsí meán a mbaintear úsáid astu	Range of media sources used
Rochtain a fháil ar ábhar agus seirbhísí meán craolta agus meán digiteach agus iad a úsáid ar bhealach slán sábháilte, ar mhaithe le deiseanna a uasmhéadú agus rioscaí a íoslaghdú.	Access and use broadcast and digital media content and services in a safe and secure manner, to maximise opportunities and minimise risks.
Roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le luach agus cosaint sonraí pearsanta, agus ábhar agus seirbhísí meán á n-úsáid	Make informed choices about the value and protection of personal data, while using media content and services
Saghsanna difriúla ábhair a aithint, ar nós fógraíochta, an t-eagarfhocal, fíoras agus tuairim	Recognise different content types, such as advertising, editorial, fact and opinion
Scaipeadh na bréagaisnéise agus na bréagnuachta ar líne.	The spread of online disinformation and fake news.

Abairtí

Sraith inniúlachtaí, táscairí scileanna agus táscairí ratha i dteanga a thuigfear go forleathan ag saoránaigh, ag an tsochaí agus ag páirtithe leasmhara ó earnálacha difriúla, agus a chabhróidh le feabhas a chur ar fheasacht agus ar oideachas ar litearthacht sna meáin	A set of competencies, skills indicators and success indicators in language that will be widely understood by citizens, society and stakeholders from varying sectors and that will help to improve media literacy awareness and education
Táscairí ratha / tionchar comhchoitinn	Success indicators / collective impact
Táscairí scileanna i gcás daoine aonair	Skill indicators for individuals
Teachtaireachtaí a chur le chéile trí théacs, íomhána, fuaim agus cód a úsáid	Construct messages by using text, images, audio and code
Teachtaireachtaí meáin a mhiondealú agus tosca ag a bhfuil tionchar a aithint	Deconstruct media messages and recognise influencing factors
Tuairimí pearsanta a chur in iúl agus freagra a thabhairt ar thuairimí daoine eile	Express personal opinions and respond to the opinions of others
Tuiscint a fháil ar na cúinsí rialála a bhaineann le hábhar agus le seirbhísí meán	Understand the regulatory environments which apply to media content and services
Tuiscint a fháil ar na próisis dhifriúla eagarthóireachta a bhaineann le saghsanna difriúla ábhair	Understand the editorial processes involved in producing different content types
Úsáid a bhaint as ábhar agus seirbhísí meán ar bhealach slán sábháilte lena n-áirítear úsáid eolasach a bhaint as feidhmeanna slándála teicniúla; rochtain a shrianadh; agus ábhar mí-oiriúnach agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a sheachaint	Use media content and services in a safe and secure manner, including making informed use of technical security features, restricting access and avoiding inappropriate and potentially harmful content

Sentences

A set of competencies, skills indicators and success indicators in language that will be widely understood by citizens, society and stakeholders from varying sectors and that will help to improve media literacy awareness and education	Sraith inniúlachtaí, táscairí scileanna agus táscairí ratha i dteanga a thuigfear go forleathan ag saoránaigh, ag an tsochaí agus ag páirtithe leasmhara ó earnálacha difriúla, agus a chabhróidh le feabhas a chur ar fheasacht agus ar oideachas ar litearthacht sna meáin
Abusive behaviour/content; Inappropriate or potentially harmful content; Negative stereotyping; Unfair portrayal; Bias; Lack of pluralism; Discriminatory content; Propaganda; Hate speech.	Ábhar míchuí nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh; Steiréitíopáil dhiúltach; Léiriú éagórach; Claontacht, Easpa iolracha; Ábhar idirdhealaitheach; Bolscaireacht; Fuathchaint.
Access and use broadcast and digital media content and services in a safe and secure manner, to maximise opportunities and minimise risks.	Rochtain a fháil ar ábhar agus seirbhísí meán craolta agus meán digiteach agus iad a úsáid ar bhealach slán sábháilte, ar mhaithe le deiseanna a uasmhádú agus rioscaí a íoslaghdú.
Analyse and assess the motivations of the content producer and the context in which the content is presented	Inspreagadh an léiritheora ábhair agus an comhthéacs ina chuirtear an t-ábhar i láthair a anailísiú agus a mheas
Awareness of the legal and moral implications of the use of media content and services and technology	A bheith feasach ar na himpleachtaí dlí agus impleachtaí morálta a bhaineann le húsáid ábhair agus seirbhísí meán agus teicneolaíochta
Compile and curate content	Ábhar a thiomsú agus a léiriú
Construct messages by using text, images, audio and code	Teachtairreachtaí a chur le chéile trí théacs, íomhánna, fuaim agus cód a úsáid
Create and participate, via media, in a responsible, ethical and effective manner, in the creative, cultural and democratic aspects of society.	Ábhar a chruthú agus páirt a ghlacadh, trí na meáin a úsáid, i ngnéithe cruthaitheacha, cultúrtha agus daonlathacha den tsochaí ar bhealach freagrach, eiticíuil agus éifeachtach.
Create content for public use (e.g. using creative commons licences)	Ábhar a chruthú don phobal (e.g. trí cheadúnais Creative Commons a úsáid)
Create media content and products by producing text, images, audio, video and code	Ábhar agus táirgí meán a chruthú trí théacs, íomhánna, fuaim, fíis agus cód a dhéanamh
Deconstruct media messages and recognise influencing factors	Teachtairreachtaí meáin a mhiondealú agus tosca ag a bhfuil tionchar a aithint
Differentiate between and select the most effective services / platforms for public and private communication	Idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí / cláir le haghaidh cumarsáide poiblí agus cumarsáide príobháidí, agus na cinn is éifeachtaí a roghnú
Documents Authentic and False in Network	Doiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne

Sentences

Effectively search for, find, navigate, and use media content and services	Ábhar agus seirbhísí meán a lorg, a aimsiú, do bhealach a dhéanamh tríothu agus iad a úsáid ar bhealach éifeachtúil
empowering the research community	an lucht taighde a chumasú
End to End encryption is a secure method of communication in which data is encrypted at its initial point in the network and then decrypted once delivered, so that people cannot find that data when it is being transmitted	Criptiú ó cheann go ceann - modh slándaingnithe cumarsáide lena ndéantar sonraí a chriptiú ag a dtúsphointe sa ghréasán agus iad a dhíchriptiú ansin ag a gceann scribe, sa chaoi nach féidir le daoine teacht ar na sonraí sin agus iad á dtraschur
Engage in online learning opportunities	Dul i mbun deiseanna foghlama ar líne
Evaluate content and services for truthfulness, reliability and value for money	Ábhar agus seirbhísí a mheas ó thaobh na fírinneachta, ó thaobh iontaofachta de agus ó thaobh luacha ar airgead.
Express personal opinions and respond to the opinions of others	Tuairimí pearsanta a chur in iúl agus freagra a thabhairt ar thuairimí daoine eile
Find and create opportunities to participate in the civic and cultural aspects of society	Deiseanna a aimsiú agus a chruthú ar mhaithe le páirt a ghlacadh i ngnéithe sibhialta agus cultúrtha den tsochaí
Frequency and range of incidences of members of the public seeking redress from the appropriate authority	Minicíocht agus raon na dteagmhas ina mbíonn baill den phobal ag lorg sásaimh ón údarás cuí
Frequency, depth and breadth of use of media content and services	Minicíocht, doimhneacht agus fairsinge na húsáide a bhaintear as ábhar agus seirbhísí meán
High Level Expert Group on Fake News and Online Disinformation	Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe um Bréagnuacht agus Bréagaisnéis ar líne
High level group of experts in the field of literacy / high level group on literacy	Grúpa ardleibhéil saineolaithe i réimse na litearthachta / Grúpa ardleibhéil maidir le litearthacht
In terms of competencies, information and data literacy, communication and collaboration, digital content creation, safety and problem solving in digital environments are important for young people and those who work with young people	Ó thaobh inniúlachtaí de, tá tábhacht ag baint le litearthacht faisnéise agus litearthacht sonraí, le cumarsáid agus le comhar, le cruthú ábhair dhigitigh, le sábháilteacht agus le réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí digiteacha i gcás na aosa óig agus i gcás na ndaoine sin a bhíonn ag obair le daoine óga'
Know and respect digital rights and responsibilities	Bheith ar an eolas faoi chearta agus dualgais dhigiteacha, agus meas a léiriú orthu freisin

Sentences

Level of appropriate challenge to negative behaviour and activities, via media services, including online	Méid an dúshláin oiriúnaigh i gcoinne iompraíochta agus gníomhaíochtaí diúltacha, trí sheirbhísí na meán, seirbhísí ar líne san áireamh
Level of awareness of advertising techniques and content across different media, including online	Méid na feasachta ar theicnící agus ar ábhar fógraíochta sna meáin dhifriúla ar fad, ar líne san áireamh
Level of awareness of different content types	Méid na feasachta ar shaghsanna difriúla ábhair
Level of awareness of how competing views may be under-represented in an enclosed media system, for example social media	Méid na feasachta ar an tslí a dhéantar gannionadaíocht ar thuairimí iomaíochta i gcás córas meán iata, ar nós na meán sóisialta
Level of creative engagement and output by citizens, across media platforms and services	Méid na rannpháirtíochta cruthaithí agus aschuir a léiríonn saoránaigh, i réimse na gclár agus na seirbhísí meán
Level of informed choice in relation to media consumption	Líon na roghanna eolasacha a dhéantar maidir le húsáid na meáin
Level of participation in peer-to-peer support	Méid na rannpháirtíochta i dtacaíocht idir piaráí
Level of resilience to negative behaviour and activities via media services, including online	An méid athléimneachta a thaispeántar maidir le hiompraíocht agus gníomhaíochtaí diúltacha trí sheirbhísí na meán, seirbhísí ar líne san áireamh
Level of social inclusion, via media platforms and services	Méid an chuimsithe shóisialta, trí chláir agus sheirbhísí meán
Levels of awareness and reporting of stereotyping, bias, unfair portrayal, non-evidence based speculation, inappropriate content and context across media platforms and services	Méid na feasachta agus minicíocht a dtuairiscithe ar na rudaí seo a leanas: stéiréitíopáil; claontacht; léiriú éagórach; tuairimíocht nach mbíonn bunaithe ar fhianaise; ábhar nó comhthéacs mí-oiriúnach i gcláir agus i seirbhísí na meáin
Levels of self-expression and democratic participation by number of citizens	Méid an fhéinléirithe agus rannpháirtíochta daonlathaí a thaispeántar i gcás líon áirithe saoránach
Make informed choices about the value and protection of personal data, while using media content and services	Roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le luach agus cosaint sonraí pearsanta, agus ábhar agus seirbhísí meán á n-úsáid
Number of incidences of reporting inappropriate or potentially harmful content across media platforms and services	Líon na dteagmhas ina dtuairiscítear ábhar mí-oiriúnach nó ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach i réimse na gclár agus na seirbhísí meán
Number of incidences, frequency and seriousness of identity fraud	Líon na dteagmhas, minicíocht agus tromchúis calaoise aitheantais

Sentences

Number of people accessing and using media content and services	Minicíocht, doimhneacht agus fairsinge na húsáide a bhaintear as ábhar agus seirbhísí meáin
Political advertising and issue-based advertising	an fhógraíocht pholaitiúil agus fógraíocht atá bunaithe ar shaincheisteanna
Publish, upload, share content online	Ábhar a fhoilsiú, a uaslódáil agus a roinnt ar líne
Range and effectiveness of techniques used to manage aggregated/moderated content	Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun ábhar comhiomlán/ modhnaithe a bhainistiú
Range and effectiveness of techniques used to manage the potential risks associated with media content and services, including child protection issues	Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun na rioscaí féideartha a bhainistiú a mbaineann le hábhar agus seirbhísí meán, saincheisteanna cosanta leanaí san áireamh
Range and frequency of individual management of exposure to advertising	Raon agus minicíocht na bainistíochta aonair i gcás na fógraíochta
Range of media sources used	Réimse na bhfoinsí meán a mbaintear úsáid astu
Recognise and understand the potential benefit and possible risks linked with emerging technology	An leas ionchasach agus na rioscaí féideartha a bhaineann le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a aithint agus a thuiscint
Recognise different content types, such as advertising, editorial, fact and opinion	Saghsanna difriúla ábhair a aithint, ar nós fógraíochta, an t-eagarfhocal, fíoras agus tuairim
Recognise how the infrastructure of the internet can influence media choices, patterns of behaviour and diversity of content/views	A bheith ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag infreastruchtúr an idirlín ar roghanna meán, pátrúin iompraíochta agus éagsúlacht ábhair/tuairimí
Recognise, manage and appropriately challenge inappropriate behaviour across all media	Iompraíocht mí-oiriúnach a aithint agus a bhainistiú, chomh maith le dúshlán a chur fúithi, i ngach réimse de na meáin
Skill indicators for individuals	Táscairí scileanna i gcás daoine aonair
Success indicators / collective impact	Táscairí ratha / tionchar comhchoitinn
Such as stereotyping, bias, unfair portrayal, inappropriate content or context, lack of evidence etc	Ar nós steiréitíopála, claontachta, léiriú éagórach, ábhar nó comhthéacs míchuí, easpa fianaise etc.
The spread of online disinformation and fake news.	Scaipeadh na bréagaisnéise agus na bréagnuachta ar líne.
The term 'media literacy' has its origins in academia and is often understood differently by different stakeholders in different sectors, which can lead to a lack of clarity.	Is as an saol acadúil a tháinig an téarma 'lítearthacht sna meáin' an chéad lá riamh agus is minic a bhíonn tuiscint dhifriúil air ag páirtithe leasmhara difriúla in earnálacha difriúla, rud a chothaíonn doiléireacht uaireanta.

Sentences

<p>The term 'media literacy' has its origins in academia and is often understood differently by different stakeholders in different sectors, which can lead to a lack of clarity.</p>	<p>Is as an saol acadúil a tháinig an téarma 'litearthacht sna meáin' an chéad lá riamh agus is minic a bhíonn tuiscint dhifriúil air ag páirtithe leasmhara difriúla in earnálacha difriúla, rud a chothaíonn doiléireacht uaireanta.</p>
<p>To describe and promote media literacy among citizens, consumers and stakeholders, in a manner that is relevant and meaningful.</p>	<p>Cur síos a dhéanamh ar litearthacht sna meáin, agus í a chur chun cinn freisin, i measc saoránach, tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara, ar bhealach ábharach lánbhrí.</p>
<p>Transact online in a safe and secure manner</p>	<p>Idirbhearta a dhéanamh ar líne ar bhealach slán sábháilte</p>
<p>Understand and critically evaluate broadcast, digital and other media content and services, in order to make informed choices and best manage media use</p>	<p>Ábhar agus seirbhísí meán craolta, meán digiteach agus eile a thuiscint agus a mheas go criticiúil, ionas go ndéanfar roghanna eolasacha agus go mbainisteofar úsáid na meán sa tslí is fearr agus is féidir.</p>
<p>Understand and manage how networks are formed and function</p>	<p>Mar a bhunaítear agus a fheidhmíonn gréasáin a thuiscint agus a bhainistiú</p>
<p>Understand the editorial processes involved in producing different content types</p>	<p>Tuiscint a fháil ar na próisis dhifriúla eagarthóireachta a bhaineann le saghsanna difriúla ábhair</p>
<p>Understand the regulatory environments which apply to media content and services</p>	<p>Tuiscint a fháil ar na cúinsí rialála a bhaineann le hábhar agus le seirbhísí meán</p>
<p>Use media content and services in a safe and secure manner, including making informed use of technical security features, restricting access and avoiding inappropriate and potentially harmful content</p>	<p>Úsáid a bhaint as ábhar agus seirbhísí meán ar bhealach slán sábháilte lena n-áirítear úsáid eolasach a bhaint as feidhmeanna slándála teicniúla; rochtain a shrianadh; agus ábhar mí-oiriúnach agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a sheachaint</p>